# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Spáinnis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Marcanna Iomlána: 300

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| A: | 255 - 300 |
| B: | 210 - 254 |
| C: | 165 - 209 |
| D: | 120 - 164 |
| E: | 75 - 119 |
| F: | 30 - 74 |
| N.G.: | 0 - 29 |

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

## TRIAL CHLUASTUISCEANA (80 MARC)

**1. Anuncio – EL LIBRO EXPRESS**
**3 + 3 + (1+1+1) + 3 mharc = 12 mharc**

a. Chun léitheoireacht a éascú *nó* é a dhéanamh níos éasca (do gach saoránach) leabhair a léamh, go háirithe iad siúd a bhaineann úsáid as iompar poiblí **(3 mharc)**

b. trí mheaisín (dáiliúcháin) ag baint úsáid as Cárta Aitheantais Pearsanta/cárta leabharlainne poiblí is féidir leat leabhar a fháil ar iasacht (ar feadh 15 lá) **(3 mharc)**

c. **Trí cinn** díobh seo: litríocht chlasaiceach/ leabhair do leanaí/ ficsean eolaíochta/ beathaisnéisí/leabhair chócaireachta *nó* oidis **(1+1+1 mharc)**

d. de réir teidil nó de réir údair **(3 mharc)**

**2. Diálogo – ENTREVISTA CON CAROLINA MARÍN, CAMPEONA MUNDIAL DE BÁDMINTON**
**2 + (1+1) + (2+2) + (4) mharc = 12 mharc**

a. Thug siad saoirse di i gcónaí chun cibé rud a bhí sí ag iarraidh a dhéanamh **(2 mharc)**

b. (i) Nuair a ghabhann daoine comhghairdeas léi,

(ii) Ba mhaith le daoine eolas a fháil faoin spórt / is mian le daoine é a chleachtadh. **(1+1 mharc)**

c. **Dhá cheann díobh seo**: Tá sí (measartha) uaillmhianach./ (Deir daoine go bhfuil sí) an-chríonna (dá haois)./Tá sí i riocht maith coirp./Tá intinn láidir (inmheánach) aici./ Tá an-mhuinín aici aisti féin agus as a féidearthachtaí./Tá sí bródúil as badmantan a roghnú./Fuair sí an ceann is fearr ar dheacrachtaí. **(2+2 mharc)**

d. Bonn Oilimpeach a bhuachan (ag cluichí Oilimpeacha Rio). **(4 mharc)**

**3. Diálogo – ÁNGEL AGHILLI HABLA DE LA PROMOCIÓN DE COCHES ELÉCTRICOS**
**(1+1) + (2+2) + (1+1+1+1) mharc = 10 marc**

a. (i) rialtais (ii) déantúsóirí **(1+1 mharc)**

b. **Dhá cheann díobh seo:**
Níor chualathas riamh faoi lánaí rothaíochta (nuair a thagann sé chun na Spáinne).
Bhí (nó ceapadh go raibh) lá na rothar thart /
Tá athrú meoin ann anois (maidir le rothair). **(2+2 mharc)**

c. **Ceithre cinn díobh seo:**
gan cead jípeanna *nó* feithiclí faoi thiomáint ceithre roth a úsáid chun na leanaí a thabhairt ar scoil/ siúl/ rothaíocht/ club roinnte carranna/ úsáid a bhaint as carr leictreach. **(1+1+1+1mharc)**

**4. Descriptivo – EL RINCÓN DEL VAGO**
**3 + 3 + 3 + 3 mharc = 12 mharc**

a. Suíomh gréasáin tiomanta do/le haghaidh malartú ***(ceann amháin de:)*** oibre/ aistí/ agus doiciméid staidéir eile **(3 mharc)**

b. Toisc gur féidir le daltaí píosa oibre a fháil (teacht a bheith acu ar phíosa oibre) gan (mórán) stró **(3 mharc)**

c. Os cionn 1.5 milliún **(3 mharc)**

d. Blag le **ceann amháin díobh seo:** teicnící staidéir/comhairle ar eagrú (do dhaltaí) *nó* bailiúchán leabhar (póca) **(3 mharc)**

**5. Descriptivo – LOS MERCADOS CALLEJEROS**
**(2+2) + (2+2) + 4 + 2 mharc = 14 mharc**

a. **Dhá cheann díobh seo:** Tá rogha mhór táirgí sa cheantar céanna
Tá na praghsanna níos ísle/íseal (ná mar atá siad sna gnáthshiopaí)
Tugann sé an deis duit *nó* is féidir siúl thart / le breathnú/ stangaireacht *nó* margáil a dhéanamh / breathnú / ceannach
**(2+2 mharc)**

b. **Dhá cheann díobh seo:** (Rud éigin de) stair agus/ atmaisféar (na háite)/ agus (bualadh leis) na daoine. **(2+2 mharc)**

c. **Ceithre cinn díobh seo:** Éadaí/ bia/ earraí leathair/ boinn/ leabhair (athláimhe)/ plandaí/ málaí agus CDanna **(4 mharc)**

d. **Ceann díobh seo:** Coinnigh do sparán sábháilte./
D'fhéadfadh sé go mbeadh gadaithe thart/
Seans gur earraí bréige iad na málaí *nó* na CDanna **(2 mharc)**

**6. El tiempo**
**2 + (2+2) + 2 + 4 mharc = 12 mharc**

a. Stoirmeacha leictreacha **(2 mharc)**

b. **Dhá cheann díobh seo:**
Leanfaidh sé (ag séideadh)/aduaidh/ ag cailleadh nirt **(2+2 mharc)**

c. Ceathanna (*nó* báisteach) **(2 mharc)**

d. 35 céim ar a mhéad, 16 chéim ar a laghad **(4 mharc)**

**7. Una Noticia – UN 'MINION' EN DUBLÍN**
**2 + 2 + 2 + 2 mharc = 8 marc**

a. **Dhá cheann díobh seo:** (Minion inséidte ollmhór) (Bhí sé) in aonach nuair a séideadh ar shiúl é agus tháinig sé anuas (i lár) bhóthar (ar imeall Bhaile Átha Cliath). **(2 mharc)**

b. Ní raibh siad ábalta a chreidiúint (gur mar gheall ar cheann de na carachtair cháiliúla a tharla an mhoill). **(2 mharc)**

c. Bhí sé ait a bheith ag glao ar na gardaí (le cuidiú a iarraidh mar gheall ar Minion.) **(2 mharc)**

d. Tháinig an Minion slán gan ghortú / níor gortaíodh an Minion. **(2 mharc)**

**12 + 12 + 10 + 12 + 14 + 12 + 8 = 80 marc**

## AN PÁIPÉAR SCRÍOFA: ROINN A (70 MARC)

### 1. (a) Litríocht dualgais – *Sin noticias de Gurb* 50 marc

**C. 1 3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) nocivo **(3 mharc)**
(b) se ponga (a) **(3 mharc)**
(c) madrugara **(3 mharc)**

**C. 2 3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) Cibé rud a theastaigh uaim (a dhéanamh),... **(3 mharc)**
(b) …ionas go mbeinn ábalta rogha a dhéanamh ag an nóiméad deireanach. **(3 mharc)**
(c) Tríocha teachtaireacht nó mar sin ar an ngléas freagartha/glórphost **(3 mharc)**

**C. 3 [3+3+2] = 8 marc**

**Aon 3 cinn díobh seo:** **(3+3+2 mharc)**

Déanann sé casacht (fhíochmhar) bhréige
Chuirfeadh sé (an toit) olc ort
Tá sé (an toit) (thar a bheith) díobhálach/olc
Tig leis é féin a nimhiú más mian leis
Níor cheart dó bheith ag tabhairt ar dhaoine eile an t-aer truaillithe a análú
Éiríonn a scornach dearg
Níl sé ag tabhairt aird ar a rabhadh sláinte

**C. 4 [3+3+3+3] = 12 mharc**

**Aon 4 cinn díobh seo:** **(3+3+3+3 mharc)**

Glanann sé suas i ndiaidh an bhricfeasta/tugann é na soithí go dtí an chistin.
Cuireann sé na soithí/plátaí, cupáin agus an sceanra isteach sa niteoir soithí./
Cuireann sé snas ar na gréithe airgid.
Déanann sé an húvaráil.
Athraíonn mála an húvair.
Níonn sé na fuinneoga.
Casann sé air an meaisín níocháin.
Déanann sé an iarnáil/preasálann sé na braillíní.
Stróiceann sé seanbhraillín chun bratóga a dhéanamh.
Piocann sé suas éadaí Gurb.

**C.5 3+3+3+3 = 12 mharc as aon 4 phointe ábhartha**

## 1. (b) Téacs iriseoireachta 50 marc

**FAMILIAS BUSCAN RECURSOS PARA SUS HIJOS**

**C. 1 4 mharc × 5 = 20 marc**

**(a) Dhá cheann** díobh seo:

Léann siad gach rud (a scríobhtar) faoi na deacrachtaí atá ag a leanaí.
Tá na focail (na frásaí) a úsáideann na saineolaithe (chun cur síos a dhéanamh ar an mbail) foghlamtha/á n-úsáid acu.
Tá a fhios acu gach rud faoi na hacmhainní/ faoin rud a theastaíonn ó na leanaí.
Chruthaigh siad (a lán) cumann/eagraíochtaí chun cuidiú leo. **(2+2 mharc)**

**(b) Dhá cheann díobh seo:**

(Cad a tharlaíonn) i scoileanna.
Conas a chuidíonn a gcuid múinteoirí leo a bheith neamhspleách/féinrialaitheach.
Cibé acu an gcuidíonn a bpiaraí leo le himeascadh nó nach gcuidíonn.
**(2+2 mharc)**

**(c)** Ciorruithe ar an oideachas
Aistarraingt acmhainní **(2+2 mharc)**

**(d) Dhá cheann díobh seo:**

Is féidir le daltaí eile a thuiscint go bhfuil daoine ann a bhfuil deacrachtaí acu.
B'fhéidir go dtarlódh sé lá amháin go bhfostódh duine de na leanaí eile duine atá faoi mhíchumas intleachta.
Gheobhaidh leanaí eile aithne ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus tá a lán le tairiscint acu.
Is eispéireas saibhrithe é do dhaltaí eile. **(2+2mharc)**

**(e)** Ní bhfuair siad na deontais (ar chuir siad isteach orthu). **(4 mharc)**

**C. 2 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) *utilizan* **(4 mharc)**
(b) *en gran medida* **(4 mharc)**
(c) *debido a* **(4 mharc)**

**C. 3 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) tá an réaltacht mar atá sí **(4 mharc)**
(b) bheadh m'iníon níos fearr as dá mbeadh níos mó airgid againn **(4 mharc)**
(c) d'fhéadfadh a gcúrsaí airgeadais a bheith guagach/deacair **(4 mharc)**

**C.4 6 mharc**

[Is féidir marc ar bith idir 0 go 6 a bhronnadh ar an gceist seo] **(6 mharc)**

## 2. **(a)** agus **(b) = 20 marc**

**3 + 3 + (2+2) + 3 + 3 + (2+2)**

**(a) HERIDO GRAVE POR HACERSE UN 'SELFIE'**

(i) Thit sé agus féinphic á ghlacadh aige ó airde/ 15m/ ag taobh aille. **(3 mharc)**

(ii) Bhí orthu an tarrtháil a dhéanamh ar an bhfarraige toisc nach dtiocfadh leo é a thabhairt thar thír. **(3 mharc)**

(iii) Ar shínteán a bhí ar snámh agus ar bhád (tarrthála) *(nó téarma comhchiallach)* **(2+2 mharc)**

**(b) ¿POR QUÉ NO FIJAMOS LA FECHA DE LA SEMANA SANTA**

(i) Dáta ar leith/seasta a shocrú don Cháisc **(3 mharc)**

(ii) (Níl sé oiriúnach go bhfuil) tionchar ag féilte reiligiúnach ar shaol na scoile
(toisc) go mbíonn an dara téarma an-fhada agus níl sa tríú téarma
ach mí go leath ar fad **(3 mharc)**

(iii) Má thagann sé róluath cailleann úinéirí óstáin airgead,
Beidh a fhios ag oibrithe nuair a bheidh obair ann **(2+2 mharc)**

## ROINN B (100 MARC)

**UN PRESIDENTE EXTRAORDINARIO**

**C. 1 3 mharc × 5 = 15 mharc**

(a) son dueños de un yate **(3 mharc)**
(b) rechazó en absoluto los privilegios **(3 mharc)**
(c) las personas sin hogar **(3 mharc)**
(d) realizó asaltos (secuestros y ejecuciones) **(3 mharc)**
(e) asumió su cargo como **(3 mharc)**

**C. 2 5 mharc × 3 = 15 mharc**

(a) Daoine óga a bhfuil luachanna nua acu agus a bhfuil athrú á éileamh acu **(5 mharc)**
(b) Is ar éigean a bhí 800 dollar fágtha aige ina thuarastal míosúil i ndiaidh a thabhartais **(5 mharc)**
(c) Gabhadh é go leor uaireanta **(5 mharc)**

**C. 3 1 mharc × 5 = 5 mharc**

Ní thugtar marcanna as focail bhreise.
(a) acudieron **(1 mharc)**
(b) en una zona rural **(1 mharc)**
(c) fundador **(1 mharc)**
(d) fugas **(1 mharc)**
(e) elegido **(1 mharc)**

**C. 4 (1 + 1 + 1+ 1 mharc) + (2 + 2 + 2 mharc) + (2 + 2 + 1 mharc) = 15 mharc**

(a) **Ceithre cinn díobh seo:** **(1+1+1+1 mharc)**

Mhair sé go cúlánta.
Bhí saol an-difriúil aige.
Dhiúltaigh sé do na pribhléidí a bhain le bheith ina Uachtarán.
Chinn sé gan cónaí sa phálás (galánta).
Bhí sé ina chónaí i dteach beag (faoin tuath).
D'fhás sé criosantamaim/bláthanna.
Dhíol sé criosantamaim/bláthanna ag an margadh.
Thiomáin sé sean-Volkswagen (Beetle) *nó* bhí seancharr aige.
Thug sé 90% dá thuarastal do na boicht.
D'oscail sé doirse Phálás an Uachtaráin roimh dhaoine a bhí gan dídean (sa gheimhreadh).
Bhí sé beo ar $800 sa mhí.
B'ionann a shaibhreas pearsanta in 2010 agus $1800.
Níor chaith sé carbhat riamh.
Chaith sé Crocs chuig an gcruinniú mullaigh eacnamaíoch in Davos.
Bhí aithne air mar an t-uachtarán is boichte ar domhan.

(b) **Trí cinn díobh seo:** **(2+2+2 mharc)**

Sin iad na blianta inar fhoghlaim sé an méid ba mhó.
Bhí sé seacht mbliana gan leabhar a léamh riamh.
Bhí air athmhachnamh a dhéanamh ar gach rud (ionas nach rachadh sé as a mheabhair).
Sin é a rinne fear de.

(c) **Trí cinn díobh seo:** **(2+2+1 mharc)**

(Thug sé isteach sraith) athruithe sóisialta.
D'fhág sé an geilleagar i riocht maith.
Tá méadú ar thuarastail (san Uragua anois).
Tá ráta dífhostaíochta íseal (san Uragua anois).
D'fhág sé a theachtaireacht dhaonnachach/a chríonnacht/fís na measarthachta *nó* simplíochta.

**ROINN B: Ceist 5 (50 marc)**

Treoirlínte maidir le Marcáil C.5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Ardleibhéal comhleanúnachais<br>Argóinteacht shoiléir<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann | **18 – 25 marc** |
| **LÁR**<br>Leibhéal réasúnta comhleanúnachais<br>Sothuigthe ag cainteoir Spáinnise<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Roinnt ábhar neamhábhartha | **9 – 17 marc** |
| **BUN**<br>Easpa comhleanúnachais<br>Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint<br>Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide<br>Cuid mhór ábhair neamhábhartha | **0 – 8 marc** |

**2. TEANGA** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Spáinnis nádúrtha<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Gan mórán dearmad gramadaí/litrithe<br>Úsáid cheart na n-aimsirí | **18 – 25 marc** |
| **LÁR**<br>Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta<br>Na briathra ceart ar an iomlán<br>Gan an iomarca dearmad litrithe / gramadaí | **9 – 17 marc** |
| **BUN**<br>Fadhbanna leis an stór focal – raon teoranta ó thaobh na bhfocal<br>Formhór na mbriathra mícheart<br>Cuid mhór dearmad litrithe | **0 – 8 marc** |

**Tabhair ar aird:**

**Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1, (i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharc do Theanga 2.**

**Mar riail ghinearálta, níor cheart don difríocht idir na marcanna a thugtar d'Ábhar agus Teanga a bheith níos mó ná 6 mharc.**

## ROINN C (50 MARC)

***IOMLÁN NA MARCANNA:* 50**

*Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:-*

**Ceachtar de 1 (a) nó 1 (b) AGUS Ceachtar de 2 (a) nó 2 (b)**

*Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir cuid (a)* ***agus*** *(b) de Cheist 1* ***nó*** *Ceist 2 trí dhearmad, caithfear* ***an dá cheann*** *a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an scór is airde díobh* ***agus sin amháin.***

Ceist 1.Agus an cheist seo á marcáil – ceachtar de (a) nó (b) – ba chóir cloí go ginearálta leis na tosaíochtaí a léirítear d'Ábhar agus do Theanga i Roinn B, C.5.

**C.1 (a) COMHRÁ A CHUMADH 30 marc**

**Cúig** 'sheal'. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 × 6m = 30 marc)**

***NÓ***

**C.1 (b) LITIR / R-PHOST 30 marc**

Tá **cúig** phointe le déanamh. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann.
*[Tabhair ar aird gur chóir go mbeadh gach pointe forbartha agus leathnaithe.*
*Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus* ***ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar.***
*Ba chóir* ***cúig*** *phointe a dhéanamh ar fad.*
*Treoirlínte mar atá do Cheist 1 (a).]* **(5 × 6 m = 30 marc)**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C, Ceist 1 (a) agus (b):**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 30 MARC (Marcáiltear gach 'seal' ina aonar.)**

| | |
|---|---|
| 6 mharc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Leibhéal maith sa stór focal. |
| 4 - 5 mharc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| 2 - 3 mharc: | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Úsáid mhícheart na mbriathra/aimsirí mícheart. |
| 1 mharc: | Chuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| 0 marc: | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**C.2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Cuardaigh **ceithre** phointe bhailí atá curtha in iúl go maith. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad.
**(4 × 5m = 20 marc)**

***NÓ***

**C.2 (b)** **NÓTA** **20 marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad **(4 × 5m = 20 marc)**

Tabhair ar aird: In C.2 (a) agus (b) ba chóir neamhaird a thabhairt ar **mhiondearmaid** (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht'). **Ní mór na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.**

**Tabhair ar aird: Maidir le haon chuid den scríbhneoireacht, ní ghearrfar pionós faoi dhó as an dearmad céanna.**

**Nótaí Breise:**

1a) *Litir/R-phost:*

- Táthar ag súil le leagan amach ceart maidir leis an litir / r-phost.
- Tá an tsainréim cheart riachtanach chun **iomlán** na marcanna a thuilleamh.
- Is féidir an litir / r-phost a bhunú **go ginearálta** ar na moltaí a thugtar.
- Ba chóir d'iarrthóirí cúig phointe **ábhartha** a dhéanamh.

Ba chóir gach pointe a leathnú amach agus a fhorbairt. Chun iomlán na marcanna a thuilleamh, ba chóir d'iarrthóirí ar a laghad dhá nó trí abairt a scríobh ar gach pointe.

## AGUISÍN A hAON

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid gairis taifeadta ar bhonn deacracht foghlama*
- *Úsáid gairis taifeadta ar bhonn deacracht fhisiciúil*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar fhorais* ***deacrachta foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil seiceálaí litrithe agus gramadaí cumasaithe/air).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrtar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Roinn A**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe ar Litríocht Dualgais C.1(a), 1;
agus le Téacs Iriseoireachta C.1(b), 2 & 4.

**Roinn B**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le haghaidh C.1, 3 agus 5.

**Roinn C**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe leis an roinn seo go léir.

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós as **litriú** ná as gnéithe **gramadaí**, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

Litriú: Measfar comharthaí diaicritice atá in easnamh nó atá mícheart mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh astu.

Gramadach: Is féidir breithiúnas a thabhairt ar na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós le gearradh astu trí shamhlú go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip/CD. Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Níor chóir pionós a ghearradh as aon earráid ach amháin na cinn sin a thabharfaí faoi deara agus duine ag éisteacht leo.

## Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

# *Tábla 300 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 22 |
| 227 - 230 | 21 |
| 231 - 233 | 20 |
| 234 - 236 | 19 |
| 237 - 240 | 18 |
| 241 - 243 | 17 |
| 244 - 246 | 16 |
| 247 - 250 | 15 |
| 251 - 253 | 14 |
| 254 - 256 | 13 |
| 257 - 260 | 12 |
| 261 - 263 | 11 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 264 - 266 | 10 |
| 267 - 270 | 9 |
| 271 - 273 | 8 |
| 274 - 276 | 7 |
| 277 - 280 | 6 |
| 281 - 283 | 5 |
| 284 - 286 | 4 |
| 287 - 290 | 3 |
| 291 - 293 | 2 |
| 294 - 296 | 1 |
| 297 - 300 | 0 |
| | |

Leathanach Bán